

AOIBHNEAS

LAETHANTA SAOIRE !

26 MEITHEAMH


MICRA-T

SIGMA-T

MSIROL

GILGE

STAIR




Naomh Colm Cille.

Rugadh Colm Cille i dTír Chonaill sa bhliain 521 A.D. Ba de shliocht uasal é. Fuair sé a chuid oideachais i scoileanna cáiliúla ar fud na tíre, ina measc, Mainistir Chluain Ard, a bhí faoi stiúir Naomh Fionnán. Oirníodh Colm Cille mar shagart nuair a bhí sé fiche bliain d'aois agus phill sé ar Thír Chonaill. Bhunaigh sé mainistreacha i nDoire, i Sórd, i nDarú agus i gCeannanas Mór na Mí.

Le linn dó bheith ag staidéar i mainistir Fhionnán, tháinig Colm Cille ar leabhar

ornáideach na Salm. Shantaigh sé an leabhar agus mar sin thagadh sé anuas gach aon oíche ag déanamh cóipe den leabhar gleoite seo go dtí go raibh sé cóipeáilte go hiomlán aige. Nuair a cuireadh seo in iúl d' Fhionnán, bhí sé ar buile agus d'iarr sé an chóip ar ais. Nuair a dhiúltaigh Colm Cille, thug Fionnán an cás chuig an Ard Rí, Diarmaid. Ba é sin an ócáid a thug an tArdrí an breithiúnas cáiliúil sin: "Is le gach bó a gamhain agus is le gach leabhar a chóip"

Ni ghlacfadh Colm Cille le breithiúnas an Rí, áfach, agus thit siad amach lena chéile agus bhí cath millteanach ann ag Cúl Dreimhne thart faoin bhliain 560 A.D. idir lucht



leanúna Cholm Cille agus airm an Ardrí. Nuair a chonaic Colm Cille líon na ndaoine a maraíodh agus a fágadh sínte ar pháirc an áir, mhionnaigh sé go bhfágfadh sé Éire agus go sábhálfadh sé an líon céanna d'anamacha págánta in Albain.


Mar sin, d'fhág sé féin agus dháréag manach Doire agus sheol siad go hAlbain. Deirtear gur tháinig siad i dtír i gCeann Tíre na hAlban ar dtús, ach bhog siad ó thuaidh go hOileán Í, toisc go raibh Éire le feiceáil fós. Tá Oileán Í ar chósta thiar na tíre; seo an áit ar chuir Colm Cille tús lena mhisean.



Bhí na Cruithnigh ina gcónaí in Albain ag an am. Ba dhream págánach iad. Chuir Colm Cille agus a mhanaigh fúthu ar Oileán Í i ríocht Dal Riada. Bhí cuid de ríocht Dal Riada i gContae Aontroma agus cuid di in iarthar na hAlban. Ba é Feargus an rí ar Dhal Riada agus bhí muintearas aige do Cholm Cille. Mar gheall ar an muintearas seo bhí Colm Cille in ann tacaíocht a fháil ó Bhrude, rí na gCruithneach, nuair a thug Colm Cille cuairt ar Inbhear Nis. Thug Brude cead do na hÉireannaigh focal Dé a theagasc ar fud na hAlban. Chaith Colm Cille suas le daichead bliain ag déanamh obair Dé i dTuaisceart na Breataine.

Timpeall an ama seo bhí dhá rud ag cur as d'Ardrí na hÉireann: mheas sé gur chóir do ríocht Dal Riada cáin a íoc leis agus bhí sé ar intinn aige deireadh a chur le filí na tíre toisc go raibh barraíocht cumhachta acu. Mar sin, thionóil sé Mórdháil Droma Ceata sa bhliain 573 A.D. chun na nithe seo a réiteach. Tháinig Colm Cille anall ó Albain agus labhair sé i bhfabhar na bhfilí agus in éadan na cánach. Sa deireadh ghlac Diarmaid lena mholtaí.

Phill Colm Cille ar Albain arís agus lean sé den dea-obair go dtí a bhás ar an 9 Meitheamh sa bhliain 597 A.D.



Ceist & Freagra

Cén áit a mbíonn banaltraí ag obair?

Sa phortach.

Cén dath atá ar phlúiríní sneachta?

Ar chnámh.

Cén áit a gcoinnítear uachtar reoite?

Bán.

Cén crann é Rí na gCrann?

Malaí.

Cén t-ainmhí atá iontach glic?

Dearg.

Cén áit a ndeachaigh Oisín & Niamh Chinn Óir?

Ag bun bogha báistí

Cad as a bhfuil cruach déanta?

Seangán

Cad as a ndéantar cáis?

Puisín.

Cén planda a chuirfeadh cealg ionat?

Dé Domhnaigh.

Cén fheithid (nach n-eitlíonn) a chuirfeadh cealg ionat?

An Dair

Cén dath atá ar eala?

Chuib an fhiacloir.

Cén áit a rachfá dá mbeadh tinneas fiacaile ort?

Bainne.

Cén dath atá ar thrátaí aibí?

Sa chuisneoir.

Cad iad na rudaí atá ag fás os cionn do shúile?

An coileach.

Cén lá den tseachtain a d'éirigh Críost ó mhairbh?

Bán.

Cá hainm atá ar chat óg?

Neantóg.

Cé acu den éanlaith fheirme a ghlaonn go luath ar maidin?

Go Tír na nÓg.

Cén áit a mbaintear móin?

Sionnach.

Cad air a mbíonn madra ag cogaint?

In otharlann.

Cén áit a dtiocfá ar phota óir na síog?


Móin nó Féar



Cuir na ceisteanna agus na freagraí seo san ord ceart le do thoil.



SAMHLACHA



R	N	C	G	O	S	A	B	Ú	H
A	C	A	L	R	T	E	A	C	C
M	C	A	E	S	A	H	A	I	A
H	O	T	O	G	A	E	Í	Ú	H
A	A	R	I	L	N	C	D	I	T
R	C	T	D	G	D	I	I	N	Ó
I	H	N	I	A	F	N	A	L	N
A	B	A	C	R	É	U	Í	D	G
H	U	E	T	A	I	H	A	M	C
H	D	S	I	L	I	M	H	R	A



- Chomh----- le muc
- Chomh----- le fuil
- Chomh----- le cailc
- Chomh----- le cú
- Chomh----- le gual
- Chomh----- le mil
- Chomh----- le dreoilín
- Chomh----- le sionnach
- Chomh----- leis na cnoic

- Chomh----- le cleite
- Chomh----- le sioc
- Chomh----- le cat
- Chomh----- le seangán
- Chomh----- le cill
- Chomh----- le gloine
- Chomh----- le carraig
- Chomh----- le mála easóg




Faigh na samhlacha agus an teachtaireacht i bhfolach



An Poc Fada.

Fadó i dTuaisceart na hÉireann bhí fear óg ann, Éamann an t-ainm a bhí air. Bhí sé ag caint lena chara Ruairí lá amháin agus d'fhiafraigh Ruairí de "An bhfaca tú an fógra i lár an bhaile don chomórtas Poc Fada i gCúige Mumhan, a Éamainn?" "Ní fhaca," arsa Éamann. Síos leis le hÉamann go lár an bhaile agus léigh sé é go cúramach. Is beag duine a chonaic Éamann ar feadh coicise agus mheas a chairde go raibh sé ag ullmhú don chomórtas.

Tháinig an lá mór agus d'fhág Éamann an baile roimh bhreacadh an lae mar go raibh aistear fada roimhe go Cúige Mumhan. Shroich sé bun Shléibhte na nGaibhlte tar éis am lóin agus chonaic sé slua cruinnithe don chomórtas. Bhí duine ann i gcábán agus bhí sé ag glacadh leis na



hiontrálacha ach nuair a shiúil Éamann isteach le gabhar mór fada ar téad, ní fhaca sé roimhe ach iománaithe gléasta i ndathanna a gcontae féin agus camán ina lámh ag gach aon fhear acu! Bhuel, ba mhór an gáire a rinne siad faoi Éamann bocht agus faoina ghabhar. Ach bhí Éamann ina fhear óg croíúil agus ghlac sé leis an ghreann go maith.

Sular fhág sé an trathnóna sin, áfach, chuala se roinnt mhaith de mhná céile agus de chailíní na n-iománaithe ag caint. De réir dealraimh bhí cuid mhór acu i gclub púdál. Ar a bhealach abhaile, smaoinigh Éamann ar phlean ach níor chuir sé i gcrích é go dti tús an gheimhridh.



Diarr sé ar chara dá chuid i dTiobraid Árann roinnt póstaer a chur in airde sa cheantar sin ag fógairt Ollchomórtas Churlála i nGleannta Aontroma. Ar lá an chomórtais shroich trí charr déag an rinc scátala ina raibh an comórtas. Bhí na carranna lán d'iomaitheoirí agus a lucht tacaíochta.

Leath na súile orthu nuair a chonaic siad an rinc.

Bhí sí clúdaithe le hoighear agus bhí daoine ag sleamhú clocha móra trasna na rince. Dar leis na Muimhnigh gur aisteach an áit a bhí ann le haghaidh comórtas curlála den chineál a raibh siadsan ag dréim leis.

Ní raibh dul amú orthu, mar a tharla. Bhí púdail de gach aon sórt leo:

púdail bheaga agus púdail mhóra, púdail dhubha agus púdail bhána. Bhí gach aon mhadra níos cataí ná an ceann a chuaigh roimhe. Níorbh iontas ar bith é seo tar éis an méid ama a chaith na madraí i bparlús na bpúdail! Ba mhór an greann agus ba ghéar an magadh a rinneadh an lá sin, ach ghlac gach aon duine leis mar chraic agus tá siad uile ina ndlúthchairde ón lá sin go dtí an lá inniu.


Nach mór an trua go ndearna duine éigin dearmad faoin difear idir cataíl a chur i ngruaig nó i bhfionnadh agus curláil!

Oll-Chomórtas Churlála
i
nGleannta Aontroma
Satharn 10 Samhain
Bígí linn!





Crosfhocal



Trasna

- Éan a bhfuil brollach dearg air (7)
- Ceannaíonn tú rudaí leis (7)
- Focal eile don fhocal 'tinneas' (5)
- Ceann de na reiptílí a dhíbir Naomh Pádraig (7)
- Tóin na farraige (8)

Anuas

- Féasóg ghabhair (8)
- Coinníonn tú airgead ann (6)
- Focal eile don fhocal 'madra' (6)
- Focal eile don fhocal 'fón' (6)



3	10	8
6	2	9
9	5	11
6	3	8
4	4	7

Roinn an ghréille seo ina 5 chuid sa dóigh is go bhfuil suim na n-uimhreacha i ngach cuid cothrom le 19, le do thoil.

Réasúnaíocht



- Tá na buachaillí ag imirt cluiche cruicéid.
Dá scórálfadh Pádraig 6 rith eile, bheadh 20 rith aige.
Faigheann Tomás dhá rith níos mó ná Pádraig.
Scórálann Colm leath an méid a fhaigheann Pádraig.
Dá scórálfadh Donncha rith amháin eile
bheadh an méid céanna aige agus atá ag Tomás.
Dá scórálfadh Éamon trí rith eile bheadh leath an méid a fuair Tomás aige.
Cé mhéad rith a scórálfadh siad eatarthu?

- I ngach líne thíos, cuir dhá uimhir dhifriúla ar na línte folmha chun an tsuim a chríochnú, ag úsáid dhá uimhir de na ceithre uimhir i lúbíní. Seo sampla in (A)

(A) $\underline{\quad} + \underline{\quad} = 2 \times 11$ (5, 6, 10, 12) Is é 10 agus 12 an freagra


1) $\underline{\quad} - \underline{\quad} = 9 \times 6$ (4, 6, 56, 60)

2) $\underline{\quad} \times \underline{\quad} = 65 - 32$ (2, 3, 9, 11)

3) $\underline{\quad} \div \underline{\quad} = 3 \times 7$ (2, 3, 10, 42)

4) $\underline{\quad} + \underline{\quad} = 6 \times 8$ (15, 16, 20, 28)

5) $\underline{\quad} \div \underline{\quad} = 5 + 18$ (2, 3, 32, 69)



- Tá cúigear ban ann agus ba mhaith leo casadh ar a chéile chun cluiche gailf a imirt, Áine, Bríd, Ciara, Deirdre & Éilís.



- Is féidir le hÁine imirt Dé Mairt, Dé Céadaoin agus Dé Sathairn.
- Ní féidir le Bríd imirt Dé Céadaoin, Déardaoin ná Dé Domhnaigh.
- Is féidir le Ciara imirt Dé Luain agus Dé Sathairn.
- Ní féidir le Deirdre imirt Dé Luain, Déardaoin, Dé hAoine ná Dé Domhnaigh.
- Is féidir le hÉilís imirt lá ar bith seachas Dé Mairt nó Dé Domhnaigh.



- (a) Seachas Dé Sathairn, cén lá is féidir le Bríd & Ciara imirt? (b) Cén lá is féidir leo uile imirt?
(c) Cé na daoine ar féidir leo imirt le cheile De Céadaoin? (d) Cén lá nach féidir le duine ar bith imirt?
(e) Cén lá is féidir leis an líon is lú imirt? (f) Cén lá is féidir le Bríd, Ciara, & Éilís imirt le chéile?

- Má shuimíonn tú an naoú cuid d'uimhir áirithe leis an chúigiú cuid den uimhir céanna gheobhaidh tú 42.

Cén uimhir atá i gceist?



Tá sé dódhéanta
go ndeantar é.

Nelson Mandela

Athair na hAifrice Theas


Is dócha gur chuala an chuid is mó dinn an t-ainm Nelson Mandela agus ní iontas ar bith é seo mar is duine de na fir is cáiliúla é sa domhan. Ach cérbh é agus cén fáth a bhfuil sé chomh cáiliúil sin? Chun na ceisteanna seo a fhreagairt ní foláir dúinn a chúlra agus cuid de stair a tíre dúchais a thuiscint.

Bunaíodh Poblacht na hAfraice Theas sa bhliain 1961 ach b'fhada agus ba thrioblóideach an stair a bhí aici. Cé gur den chine dhubh iad 80% den daonra, is é an cine geal a bhí i gceannas na tíre ar feadh breis is 500 bliain; na hOllannaigh agus na Briotanaí ina measc. Tugadh drochíde don chine dhubh agus d'oibrigh siad beagnach mar sclábhaithe ar feadh na gcianta. Ní raibh cearta sibhialta ar bith acu agus ní raibh siad ag fáil chothrom na Féinne. Thug an rialtas an dlí uafásach sin cinedheighilt (*apartheid*) isteach sa bhliain 1948 agus chiallaigh sin nach raibh sé de chead ag daoine dubha bheith ina gcónaí sna ceantair chéanna le daoine bána. Ina theannta sin, ní raibh cead acu taisteal ar na busanna céanna, ná dul chuig an amharclann ná chuig an trá céanna ná chuig an leithreas céanna leis na daoine bána. Ní raibh cead ag duine de chine amháin duine den chine eile a phósadh. Ba mhian leis an rialtas na ciníocha a choinneáil scartha - mar is é sin an míniú atá leis an fhocal *apartheid*. Sa dóigh seo, bhí an rialtas ag dúil nach dtiocfadh deireadh lena réim agus go gcoinneodh siad an chumhacht agus an lámh in uachtar san Afraic Theas i gcónaí.

Bhí Nelson Mandela ar dhuine de na daoine a chuir go láidir i gcoinne an pholasaí seo. De threibh Tembu, rugadh é sa bhliain 1918. Fear cliste a bhí ann agus rinneadh dlíodóir de sa bhliain 1942. Chuir sé go mór in éadan apartheid agus chaith sé 5 bliana i bpríosún mar gheall air seo (1956 - 1961). Gearradh téarma príosún air arís sa bhliain 1962 agus chaith sé 28 bliain i bpríosún i Robben Island an t-am seo. A fhad agus a bhí sé i bpríosún, bhí gluaiseacht darbh ainm an ANC (African National Congress) ag iarraidh a gcearta daonlathacha a bhaint amach don chine dhubh. Sa bhliain 1990, bhí F.W. de Klerk ina uachtarán san Afraic Theas agus ba bhall den chine gheal é, ach shocraigh sé go saorfadh sé Nelson Madela. Labhair siad lena chéile agus d'aontaigh siad nach mbeadh níos mó troda eatarthu.

Rinneadh ceannaire an ANC de Mandela sa bhliain 1991. Roinn De Klerk agus Mandela Duais Nobel na Síochána eatarthu sa bhliain 1993.



Faoin am sin bhí an feachtas chun deireadh a chur le apartheid faoi lán seoil agus nuair a toghadh Mandela mar Uachtarán Phoblacht na hAfraice Theas sa bhliain 1994, tháinig deireadh le apartheid, buíochas le Dia. Ba é Mandela an chéad Uachtarán den chine dhubh a toghadh riamh agus tá bród thar chuimse ag cine dubh na tíre sin air ó shin. Fuair Nelson Mandela bás ar an 5 Nollaig, 2013 agus cuireadh é ina bhaile dúchais féin in Kunu.



Lár in Easnamh

B		G	É A
D		H	A D
M		R	R O
F		N	R Á
C		C	E A
F		A	L A
B		C	I N
B		S	Í O
T		E	A T
A		N	N O

U		C E	I T
S		I R	N Á
L		B A	A O
S		M H	I S
L		I R	A O
B		T H	C O
G		T H	E A
S		I L	P É
C		R A	A R
G		B H	L Á



C		N N	Ó F
S		A S	E A
P		N N	O L
C		A S	A D
M		R A	R A
C		N N	E A
D		R G	R L
C		R A	E A
D		A S	L U
U		Á R	O R

C L		S A	I L
C A		L L	I A
G R		I G	Ú C
C O		I N	U A
B Ó		A R	O I
S L		B H	I N
G L		N E	U A
C A		Í N	T H
B A		N E	P A
S I		R A	I N

I ngach cás thuas tá lár na bhfocal sna colúin ar dheis.
Níl siad in ord! Cuir isteach an dá litir atá in
easnamh chun focail chearta a dhéanamh.



MICI S'AGAINNE



* LADRANN=DRONE - IS É SIN, GLÉAS A EITLIÖNN



An Pápa Proinsias

Cé hé an Pápa? Is é is ceannaire ar na milliúin Caitliceach ar fud an domhain. Ba é Naomh Peadar, duine d'aspail Íosa Críost é féin, an chéad Phápa agus bhí 265 Pápa eile ann anuas trí na cianta. Is é Proinsias an Pápa atá againn faoi láthair.



Cé hé Proinsias? Is é Jorge Mario Bergoglio an t-ainm atá air agus rugadh agus tógadh san Airgintín é. Bhí sé ina Ardeaspag ar Buenos Aires, príomhchathair na tíre sin ó 1998 go dtí 2013, nuair a toghadh mar Phápa é. Tá sé 78 bliain d'aois.



N. Proinsias Assisi

Ghlac sé an t-ainm Proinsias in ómos do Naomh Proinsias Assisi, naomh a raibh clú agus cáil air toisc go raibh sé chomh humhal agus a bhí sé. Is é an Pápa Proinsias an chéad Phápa as Meiriceá Theas agus as an leathsféar theas riamh agus is é an chéad Phápa nárbh ón Eoraip dó ón bhliain 741 A.D. !

Ca háit a gcónaíonn an Pápa? Cónaíonn an Pápa i Stát Chathair na Vatacáine, stát beag neamhspleách atá suite i lár phríomhchathair na hIodáile, An Róimh. Is iad na Gardaí Eilvéiseacha a dhéanann cosaint ar an Phápa i gCathair na Vatacáine.



Garda Eilvéiseach

Is iad na heochracha seo ar thaobh na láimhe deise siombail an Phápa agus ós rud é gurb é comhartha dá chumhacht iad mar go seasann na heochracha do ríocht na bhflaitheas.



Siombail an Phápa

Cé mé?

1.

Níl an chéad litir in CORN ach tá sí in BROC.

Tá an dara litir in ROTH ach níl sí in OCHT.

Tá an tríú litir in MIAS ach níl sí in MISE.

Tá an ceathrú litir in GARDA agus tá sí in DONN.

Tá an cúigiú litir in ARDÁN agus tá sí in BLÁTH.

Níl an séú litir in AIRGEAD ach tá sí in GRIAN.



Tá sé ina rí.

2.

Tá an chéad litir in LITIR ach níl sí in LIATH.


Tá an dara litir in SEOL ach níl sí in SOLAS.

Níl an tríú litir in TONN ach tá sí in TOIT.

Tá an ceathrú litir in COILL ach níl sí in PIOC.

Níl an cúigiú litir in LACHA ach tá sí in IALL.

Tá an séú litir in THUG ach níl sí in UCHT.



Áit nach mbeadh dúil agat inti san oíche!

Naomh Muinchín



I bhfad ó shin, nuair a thug daoine an t-ainm Oileán na Naomh is na nOllúna ar an tír seo, bhí fear naofa ina chónaí i Luimneach. Muinchín an t-ainm a bhí air. Bhí baicle fear ag cuidiú le Muinchín eaglais a thógáil achar gearr ó bhruach na Sionainne. Lá amháin bhí siad ag iarraidh

bloc mór cloiche a thógáil le cur in áit ach bhí sé róthrom dóibh. D'iarr an naomh cuidiú ó chuid de mhuintir na cathrach ach dhiúltaigh siad dó. Ansin thug sé faoi deara grúpa strainséirí agus d'iarr sé cuidiú uathu, rud a rinne siad go flaitiúil. Ghabh Muinchín buíochas leo agus ghuigh sé go mbeadh rath ar strainséirí i Luimneach i gcónaí. Críochnaíodh an eaglais faoi dheireadh agus bhí go maith. De réir a chéile, d'fhás an eaglais seo isteach ina mainistir agus leath a cháil amach ar fud na tíre. Chuala manaigh Chluain Mhic Nóis iomrá uirthi agus thug siad dúshlán do mhanaigh Luimnigh díospóireacht a bheith eatarthu i Laidin. Bhí a fhios ag Muinchín nach mbeadh a chuid manach chomh léannta le manaigh Chluain Mhic Nóis. Bhí sé i gcruachás ar feadh tamaill. Ansin chonaic sé baicle ban ag ní éadaí ar bhruach na Sionainne. Bhuail smaoinemh é láithreach. Ghlac sé le dúshlán na manach as Chluain Mhic Nóis agus nuair a sheol siadsan anuas an tSionainn go Luimneach, ní raibh a fhios acu cá háit a raibh mainistir Naomh Muinchín. Chonaic siad grúpa 'ban' ag ní éadaí san abhainn agus stad siad le fiafraí díobh cá raibh an mhainistir. Ní raibh manaigh Chluain Mhic Nóis cinnte cad é an teanga a labhair na 'mná' agus mar sin labhair siad leo i Laidin. Bhí ionadh an domhain ar na manaigh nuair a d'fhreagair na 'mná' iad i Laidin a bhí foirfe! Ar siad leo féin: "Má tá Laidin chomh maith sin ag na gnáthdhaoiné i Luimneach, cad leis a mbeidh caighdeán na manach cosúil"? Thiontaigh siad a mbád thart agus ar ais suas an tSionainn leo chomh tiubh gear agus a thiocthadh leo. B'iomáí gáire a rinne manaigh Luimnigh fúthu!